Foilsitheoireacht

Ionchorpraíonn Foilsitheoireacht RTÉ an *RTÉ Guide*, RTÉ.ie agus RTÉ Aertel

Tá Foilsitheoireacht RTÉ freagrach as táirgí agus seirbhísí ilmheán nuálacha agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil chuig custaiméirí éagsúla in Éirinn agus thar lear. Tá foilsitheoireacht comhdhéanta de roinnt príomhbhandaí nó aonaid ghnó a thugann ábhar RTÉ chuig lucht éisteachta i bhformáid Priontála, Ar Líne, Teilitéacs agus i bhformáid soghluaiste. Tá na brandaí/na haonaid ghnó sin liostaithe thíos:

An RTÉ Guide
Is iris siamsaíochta agus stíl mhaireachtála í an *RTÉ Guide* ina mbíonn na liostuithe seachtainiúla. Is í an iris is mó díol in Éirinn í, léann 456,000 duine fásta an *RTÉ Guide* gach seachtain (JNRS/Lansdowne 2005/2006) agus scaiptear 102,750 cóip den iris ar an meán in aghaidh na seachtaine. (ABC Eanáir go Meitheamh 2006) agus scair 6% den mhargadh náisiúnta (Tomhaiste ag Suirbhé PPA Ireland (Cumann Foilsitheoirí Thréimhseacháin na hÉireann) 2006). Ainmníodh an *RTÉ Guide* mar Iris Tomhaltóirí na Bliana ag Gradaim PPA Ireland 2006.

RTÉ.ie
Is láithreán gréasáin meáin ceannródaíoch é RTÉ.ie ag a bhfuil 1.1 milliún úsáideoir uathúil agus 23,191,876 leathanach d'imprisean (ABCe Deireadh Fómhair 2006). Clúdaíonn an láithreán gréasáin na scéalta nuachta agus spóirt is déanaí mar aon le heolas maidir le gnó agus siamsaíocht i bhformáid téacs, closamhairc agus físeáin seacht lá na seachtaine. Bhuaigh RTÉ.ie Gradam Ollmhór Grand Prix 2006 ag Gradaim Golden Spider, mar aon leis an Láithreán Gréasáin is Fearr Nuachta, Meáin agus Siamsaíochta don dara bliain as a chéile, agus an Láithreán Gréasáin is Fearr Spóirt agus Fóillíochta.

Tá na Seirbhísí seo a leanas ar fáil ó RTÉ.ie

Sruthú Ar Líne Leathnaíodh seirbhísí sruthaithe ar líne go mór le déanaí, tá an lucht éisteachta ábalta teacht ar thionscnaimh éagsúla agus tá RTÉ.ie ag cur go leanúnach lena n-uaire clár teilifíse agus raidió. Áirítear ar na buaicphointí sruthaithe beo aonuaire i 2006 sochraid Charles J. Haughey, athimirt Chluiche Ceannais na Mumhan an CLG, 48ú Féile Rós Thrá Lí, ceolchoirmeacha agus féilte ceoil beo agus ceamara gréasáin fairtheoireachta éan *Mooney Goes Wild*. Ní raibh formhór na gclár a sruthaíodh le feiceáil ar aon chraoladh leathanbhanda eile agus ní raibh siad ar fáil ar an teilifís.

Foláirimh Ríomhphoist Cuireann RTÉ.ie raon cuimsitheach d'fholáirimh ríomhphoist saor in aisce ar fáil lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir le nuacht, gnó, spórt agus siamsaíocht.

Nuacht, Aimsir agus Spóirt Soghluaiste
Scaiptear ábhar CLG agus nuachta ar ardáin soghluaiste 3G in Éirinn agus leathnaíodh an tseirbhís sin chun 200 pacáiste spóirt agus nuachta a chur san áireamh. Tá leagan PDA de láithreán RTÉ.ie ar fáil freisin chun féachaint air ar fhearais iniompartha.

RSS agus Pódchraoladh Tá ceannlínte nuachta, spóirt, gnó agus siamsaíochta RSS ar fáil, agus tá líon níos mó clár ar fáil le híoslódáil nó le pódchraoladh.

RTÉ.ie/spórt Cuireann RTÉ.ie/spóirt seirbhís spóirt ar fáil ina mbíonn an nuacht is déanaí do lucht éisteachta in Éirinn agus do lucht éisteachta thar lear. Is é an láithreán gréasáin seo an fhoinse is mó a bhfuil muinín inti anois maidir le nuacht agus eolas neamhspleách agus feictear é mar láithreán gréasáin ar féidir brath air i saol an spóirt, cuirtear clúdach den scoth mar aon le hanailís ar fáil ar imeachtaí spóirt i bhformáid ar éileamh téacs, íomhá, clos agus físeáin, mar aon le seirbhís chuimsitheach torthaí.

Ríomhthráchtáil Cuireann siopa Ar Líne RTÉ.ie earraí díolacháin RTÉ ar fáil mar aon le raon leathan DVDanna, leabhair agus CD is féidir a cheannach.

RTÉ Aertel Is seirbhís eolais é Aertel a chuireann Nuacht, Spórt, Siamsaíocht agus liostuithe ar fáil. Tá sé ar fáil ar theilitéacs analógach agus ar líne ag RTÉ.ie. Tá 2.06 milliún úsáideoir aige ar an Teilifís (Suirbhé Iompar & Dearcaí, Eanáir 2006), agus is é an tseirbhís teilitéacs is mó atá chun cinn in Éirinn é.

- Úsáideann 868,000 líon tí RTÉ Aertel
- Úsáideann 63% de dhaoine fásta RTÉ Aertel
- Is iad seo a leanas na réimsí is mó a bhfuil tóir orthu sa tseirbhís: Liostuithe Teilifíse (úsáideann 55% den lucht éisteachta iomlán de RTÉ Aertel iad seo go seachtainiúil nó níos minice), Spórt (50%), Lotto (47%), Nuacht (31%), Aimsir (24%). (Suirbhé Iompair agus Dearcaí, Eanáir 2006.)
- Bíonn 125,000 úsáideoir míosúil ag Aertel ar RTÉ.ie.
- Tá Aertel á thástáil ar WAP agus ar Theilifís Dhigiteach

Sindeacáitiú Ábhair

Is éard is Sindeacáitiú Ábhair ann ná ábhar RTÉ a aistriú agus a phacáistiú ó Theilifís, Raidió agus Foilsitheoireacht lena scaipeadh ar mheáin nua agus ar ardáin atá ag teacht chun cinn. Meastar go dtiocfaidh fás ollmhór ar raon ábhar RTÉ atá ar fáil ar na hardáin sin ag teacht leis na hathruithe ar nósanna na dtomhaltóirí, de réir mar a bheidh níos mó agus níos mó de lucht éisteachta RTÉ ag úsáid raon fearas chun teacht ar mheán.

Teileachumarsáid Tráchtála

Tá sé de dhualgas ar Fhoilsitheoireacht RTÉ feabhas a chur ar dheiseanna idirchaidrimh leis an lucht éisteachta freisin i gcláir Theilifíse agus Raidió trí Ghuth-Fhreagra Idirghníomhach (IVR) agus Seirbhís Gearrtheachtaireachta (SMS) a úsáid mar aon le teicneolaíochtaí ilmheáin lena mbaineann. Trí na meicníochtaí sin, is féidir leis an lucht éisteachta tuairimí a thabhairt ar chláir, a bheith rannpháirteach i vótaí, i vótáil agus i gcomórtais agus ticéid, bileoga fíricí maidir le cláir agus seirbhísí eile a iarraidh.

Cothú Teicneolaíochta

Bíonn ról tábhachtach ag foilsitheoireacht i dtaighde, i bhforbairt, i gcothú agus i leathnú teicneolaíochtaí nua táirgeachta agus seachadta thar ceann RTÉ. Comhlíontar feidhm thábhachtach geataí chun tionchar na dteicneolaíochtaí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn a mheas agus a chur in iúl ar fud RTÉ agus don phobal i gcoitinne, go háirithe maidir le nuálachtaí trioblóideacha.